CINNEADH (AE) 2022/2353 ÓN gCOMHAIRLE

an 1 Nollaig 2022

maidir le beart cúnaimh faoin tSaoráid Eorpach Síochána chun acmhainneachtaí Fhórsaí Armtha na Boisnia agus na Heirseagaivéine a neartú

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagail 28(1) agus 41(2) de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) I gcomhréir le Cinneadh (CBES) 2021/509 ón gComhairle ([1]), bunaíodh an tSaoráid Eorpach Síochána chun go maoineodh Ballstáit gníomhaíochtaí an Aontais faoin gComhbheartas Eachtrach agus Slándála chun an tsíocháin a chaomhnú, coinbhleachtaí a chosc agus an tslándáil idirnáisiúnta a neartú de bhun Airteagal 21(2), pointe (c), den Chonradh. Go háirithe, de bhun Airteagal 1(2) de Chinneadh (CBES) 2021/509, leis an tSaoráid Eorpach Síochána is féidir gníomhaíochtaí a mhaoiniú chun acmhainneachtaí a bhaineann le cúrsaí míleata agus cosanta atá ag tríú Stáit agus eagraíochtaí réigiúnacha agus idirnáisiúnta a neartú.

(2) I nDearbhú Brdo an 6 Deireadh Fómhair 2021, d'iarr ceannairí an Aontais agus a chuid Ballstát, i gcomhairle le ceannairí na mBalcán Thiar, go ndéanfaí tuilleadh forbartha ar acmhainneachtaí chomhpháirtithe na mBalcán Thiar tríd an tSaoráid Eorpach Síochána.

(3) Sna conclúidí ón gCoiste Polaitiúil agus Slándála an 17 Márta 2022 maidir le treoshuíomhanna straitéiseacha na Saoráide Eorpaí Síochána do 2022, coimeádadh, mar phríomhthosaíocht don tréimhse sin, beart cúnaimh chun tacaíocht dhéthaobhach a thabhairt do thír sna Balcáin Thiar.

(4) An 21 Márta 2022, d'fhormheas an Chomhairle an Compás Straitéiseach arb é is cuspóir dó an tAontas a bheith ina sholáthraí slándála níos láidre agus níos cumasaí, lena n-áirítear trí úsáid mhéadaithe a bhaint as an tSaoráid Eorpach Síochána chun tacú le cumais chosanta na gcomhpháirtithe, an Bhoisnia agus an Heirseagaivéin ina measc.

(5) D'athdhearbhaigh an tAontas arís agus arís eile go bhfuil sé tiomanta do pheirspictíocht Eorpach na Boisnia agus na Heirseagaivéine, lena n-áirítear sna conclúidí ón gComhairle Eorpach i mí an Mhárta agus i mí an Mheithimh 2022, inar cuireadh i dtreis nach mór don tír a bheith cobhsaí lánfheidhmiúil le bheith in ann na príomh-athchóirithe uile a chur chun feidhme, lena n-áirítear athchóirithe bunreachtúla agus toghchánacha, agus le dul chun cinn cinntitheach a dhéanamh ar a conair Eorpach.

(6) Ó bunaíodh iad in 2005, tá ról cobhsaíochta riachtanach ag Fórsaí Armtha na Boisnia agus na Heirseagaivéine mar cheann de na hinstitiúidí stáit is mó rath ó thaobh timpeallacht slán sábháilte a choimeád sa tír sin. D'athdhearbhaigh Ardionadaí na Boisnia agus na Heirseagaivéine, ina 61ú Tuarascáil chuig Ard-Rúnaí na Náisiún Aontaithe, an gá atá le díriú i gcónaí ar athchóirithe cosanta lena gcuirtear ar chumas na tíre a bheith ar thús cadhnaíochta ó thaobh an tsíocháin agus an tslándáil a chaomhnú. Is é atá i gceist leis sin Fórsaí Armtha na Boisnia agus na Heirseagaivéine a neartú, go háirithe i láthair na huaire agus an teannas polaitiúil agus an reitric scoilteach mar atá siad.

(7) Is é is cuspóir don bheart seo feabhas a chur ar acmhainneachtaí Fhórsaí Armtha na Boisnia agus na Heirseagaivéine, rannchuidiú ar bhealach cothrom le húinéireacht na Boisnia agus na Heirseagaivéine ar a cuid próiseas a neartú agus idir-inoibritheacht mhíleata le cumais an Aontais a mhéadú d'fhonn rannpháirtíocht Fhórsaí Armtha na Boisnia agus na Heirseagaivéine i misin agus in oibríochtaí amach anseo a mhéadú faoin gcomhbheartas slándála agus cosanta (CBSC), gan dochar d'aon tacaíocht eile a d'fhéadfadh a bheith ann arna maoiniú ag Eagraíocht Chonradh an Atlantaigh Thuaidh (ECAT) nó ag comhpháirtithe idirnáisiúnta eile.

([1]) Cinneadh (CBES) 2021/509 ón gComhairle an 22 Márta 2021 lena mbunaítear Saoráid Síochána Eorpach, agus lena n-aisghairtear Cinneadh (CBES) 2015/528 (IO L 102, 24.3.2021, lch. 14).

(8) Leis an trealamh a chuirfear ar fáil, cuirfear feabhas ar dhálaí slándála agus imscartha Fhórsaí Armtha na Boisnia agus na Heirseagaivéine agus déanfar líon teoranta cumas oibríochtúil a uasghrádú, go sonrach cumais cheimiceacha, bhitheolaíocha, raideolaíocha agus núicléacha (CBRN) agus cumais chosanta agus réamhrabhaidh. Trí acmhainneacht na briogáide tacaíochta oirbheartaíochta a mhéadú, beifear in ann cosaint níos fearr a thabhairt don phobal sibhialta agus cathlán ainmnithe ECAT a imscaradh go tapa agus go hinbhuanaithe leis an mbeart cúnaimh, bíodh sé sin mar chuid de mhisean nó mar chuid d'oibríocht CBSC de chuid an Aontais, nó faoi fhormáid eile faoi choimirce, *inter alia,* na Náisiúin Aontaithe (NA), ECAT nó an Eagraíocht um Shlándáil agus Comhar san Eoraip (ESCE), nó mar chuid de chleachtaí oiliúna allamuigh míleata.

(9) An 29 Meitheamh 2022, fuair Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála ("an tArdionadaí") iarraidh ó Bhoisnia agus an Heirseagaivéin go gcabhródh an tAontas tuilleadh le Fórsaí Armtha na Boisnia agus na Heirseagaivéine i ndáil le príomhthrealaimh a fháil lena n-acmhainneacht a neartú.

(10) Nuair a bheidh an beart cúnaimh tugtha chun críche, déanfaidh an tArdionadaí meastóireacht ar a thionchar, agus ar bhainistiú agus úsáid an trealaimh a soláthraíodh. Cuirfidh an cleachtadh sin le próiseas ceachtanna foghlamtha arb é is aidhm dó measúnú a dhéanamh ar éifeachtacht an bhirt cúnaimh agus ar a chomhsheasmhacht le straitéis agus beartais fhoriomlána an Aontais sa Bhoisnia agus an Heirseagaivéin.

(11) Táthar chun bearta cúnaimh a chur chun feidhme agus aird á tabhairt ar na prionsabail agus ar na ceanglais a leagtar amach i gCinneadh (CBES) 2021/509, agus go háirithe ar chomhlíonadh Chomhsheasamh 2008/944/CBES ón gComhairle ([2]), agus i gcomhréir leis na rialacha maidir le cur chun feidhme an ioncaim agus an chaiteachais arna mhaoiniú faoin tSaoráid Eorpach Síochána.

(12) Athdhearbhaíonn an Chomhairle go bhfuil rún daingean aici cearta an duine, saoirsí bunúsacha agus prionsabail dhaonlathacha a chosaint, a chur chun cinn agus a chomhlíonadh, an smacht reachta agus an dea-rialachas a neartú i gcomhréir le Cairt na Náisiún Aontaithe, le Dearbhú Uilechoiteann Chearta an Duine agus leis an dlí idirnáisiúnta, go háirithe an dlí idirnáisiúnta um chearta an duine agus an dlí daonnúil idirnáisiúnta,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Bunú, cuspóirí, raon feidhme agus ré

1. Leis seo, bunaítear beart cúnaimh a rachaidh chun tairbhe na Boisnia agus na Heirseagaivéine ("an tairbhí"), atá le maoiniú faoin tSaoráid Eorpach Síochána ("an beart cúnaimh").

2. Is é is cuspóir don bheart cúnaimh acmhainneachtaí Fhórsaí Armtha na Boisnia agus na Heirseagaivéine a neartú trí threalamh a bhriogáide tacaíochta oirbheartaíochta a fheabhsú agus a uasghrádú. Trí threalamh leordhóthanach a chur ar fáil, cuirfear le rannchuidiú Fhórsaí Armtha na Boisnia agus na Heirseagaivéine le misin agus oibríochtaí míleata CBSC a mhéadú leis an mbeart cúnaimh, chomh maith le hoibríochtaí síochánaíochta na Náisiún Aontaithe, agus neartófar leis an comhar Eora-Atlantach ag an am céanna, agus tabharfar cosaint níos fearr don phobal sibhialta.

3. Chun an cuspóir a leagtar amach i mír 2 a bhaint amach, maoineofar leis an mbeart cúnaimh na cineálacha trealaimh seo a leanas nach bhfuil deartha chun fórsa marfach a sheachadadh:

(a) trealamh allamuigh;

(b) príomhuirlisí le haghaidh innealtóireacht mhíleata;

(c) ábhar CBRN.

4. Ar feadh tréimhse 36 mhí ó dháta thabhairt i gcrích an chonartha idir an riarthóir um bearta cúnaimh ag gníomhú dó ina cháil mar oifigeach údarúcháin, agus an t-eintiteas dá dtagraítear in Airteagal 4(2) den Chinneadh seo i gcomhréir le hAirteagal 32(2), pointe (a), de Chinneadh (CBES) 2021/509 a mhairfidh an beart cúnaimh.

([2]) Comhsheasamh 2008/944/CBES ón gComhairle an 8 Nollaig 2008 lena sainmhínítear comhrialacha lena rialaítear rialú onnmhairithe teicneolaíochta míleata agus trealaimh mhíleata (IO L 335, 13.12.2008, lch. 99).

5. Tabharfar an conradh chun an beart cúnaimh a chur chun feidhme i gcrích tráth nach luaithe ná tar éis don Choiste um an tSaoráid leasú a ghlacadh ar Rialacha Cur Chun Feidhme na Saoráide Eorpaí Síochána.

Airteagal 2

Socruithe airgeadais

1. EUR 10 000 000 a bheidh sa mhéid tagartha airgeadais a bheidh ceaptha chun an caiteachas a bhaineann leis an mbeart cúnaimh a chumhdach.

2. Déanfar an caiteachas go léir a bhainistiú i gcomhréir le Cinneadh (CBES) 2021/509 agus leis na rialacha maidir le cur chun feidhme an ioncaim agus an chaiteachais arna maoiniú faoin tSaoráid Eorpach Síochána.

Airteagal 3

Socruithe leis an tairbhí

1. Déanfaidh an tArdionadaí na socruithe is gá leis an tairbhí chun a áirithiú go gcomhlíonann sé na ceanglais agus na coinníollacha arna mbunú leis an gCinneadh seo, mar choinníoll chun tacaíocht a sholáthar faoin mbeart cúnaimh.

2. Áireofar sna socruithe dá dtagraítear i mír 1 forálacha lena gcuirtear d'oibleagáid ar an tairbhí an méid seo a leanas a áirithiú:

(a) go gcomhlíonfaidh na haonaid de chuid Fhórsaí Armtha na Boisnia agus na Heirseagaivéine dá dtugtar tacaíocht faoin mbeart cúnaimh an dlí idirnáisiúnta ábhartha, go háirithe an dlí idirnáisiúnta um chearta an duine agus an dlí daonnúil idirnáisiúnta;

(b) go mbainfear úsáid chuí éifeachtúil as aon sócmhainní a chuirtear ar fáil faoin mbeart cúnaimh chun na gcríoch dár soláthraíodh iad;

(c) go ndéanfar cothabháil leordhóthanach ar aon sócmhainní a chuirtear ar fáil faoin mbeart cúnaimh chun a áirithiú go mbeidh siad inúsáidte agus go mbeidh siad ar fáil le haghaidh oibríochtaí i gcaitheamh a saolré;

(d) nach gcaillfear aon sócmhainní a chuirfear ar fáil faoin mbeart cúnaimh, ná nach n-aistreofar iad gan toiliú ó Choiste um an tSaoráid arna bhunú faoi Chinneadh (CBES) 2021/509 chuig daoine nó eintitis seachas iad siúd a shainaithnítear sna socruithe sin, ag deireadh a saolré.

3. Áireofar sna socruithe dá dtagraítear i mír 1 forálacha maidir le tacaíocht a chur ar fionraí agus a fhoirceannadh faoin mbeart cúnaimh i gcás ina bhfaighfear go bhfuil na hoibleagáidí a leagtar amach i mír 2 á sárú ag an tairbhí.

Airteagal 4

Cur chun feidhme

1. Beidh an tArdionadaí freagrach as a áirithiú go gcuirfear an Cinneadh seo chun feidhme i gcomhréir le Cinneadh (CBES) 2021/509 agus leis na rialacha maidir leis an ioncam agus an caiteachas arna maoiniú faon tSaoráid Eorpach Síochána a chur chun feidhme, agus i gcomhréir leis an gCreat Modheolaíochta Comhtháite chun na bearta agus na rialuithe atá riachtanach le haghaidh bearta cúnaimh faoin tSaoráid Eorpach Síochána a mheasúnú agus a shainaithint.

2. Is í an Lár-Ghníomhaireacht um Bainistiú Tionscadal a chuirfidh chun feidhme na gníomhaíochtaí dá dtagraítear in Airteagal 1(3).

Airteagal 5

Faireachán, rialú agus meastóireacht

1. Déanfaidh an tArdionadaí faireachán ar chomhlíonadh na n-oibleagáidí arna mbunú i gcomhréir le hAirteagal 3 ag an tairbhí. Leis an bhfaireachán sin, músclófar feasacht ar an gcomhthéacs agus ar na rioscaí a ghabhann le sáruithe ar na hoibleagáidí arna mbunú i gcomhréir le hAirteagal 3, agus rannchuideofar le sáruithe den sórt sin a chosc, lena n-airítear sáruithe ar an dlí idirnáisiúnta um chearta an duine agus ar an dlí daonnúil idirnáisiúnta ag aonaid sin de chuid Fhórsaí Armtha na Boisnia agus na Heirseagaivéine dá dtugtar tacaíocht faoin mbeart cúnaimh.

2. Déanfar rialú an trealaimh agus na soláthairtí tar éis a loingsithe a eagrú mar a leanas:

(a) fíorú seachadta, nuair atá deimhnithe seachadta le síniú ag na fórsaí, arb iad na húsáideoirí deiridh, tráth a aistreofar úinéireacht;

(b) tuairisciú ar na gníomhaíochtaí, ar tríothu a bhfuil an tairbhí le tuairisciú go bliantúil maidir leis na gníomhaíochtaí a rinneadh leis an trealamh, na soláthairtí agus na seirbhísí a sholáthraítear faoin mbeart cúnaimh go dtí go measfaidh an Coiste Polaitiúil agus Slándála nach dteastaíonn tuairisciú den sórt sin a thuilleadh;

(c) rialuithe ar an láthair, ar tríothu a dheonóidh an tairbhí don Ardionadaí rochtain chun rialú ar an láthair a dhéanamh arna iarraidh sin dó.

3. Déanfaidh an tArdionadaí meastóireacht, i bhfoirm chéad mheastóireacht struchtúrtha ar an mbeart cúnaimh, 12 mhí tar éis an chéad seachadadh trealaimh. D'fhéadfadh sé a bheith i gceist leis sin go ndéanfaí cuairteanna ar an láthair chun cigireacht a dhéanamh ar an trealamh, na soláthairtí agus na seirbhísí arna seachadadh faoin mbeart cúnaimh, nó aon fhoirmeacha eile faisnéise arna soláthar go neamhspleách. Déanfar meastóireacht chríochnaitheach nuair a bheidh an beart cúnaimh curtha i gcrích chun a mheasúnú ar rannchuidigh sé leis na cuspóirí a luadh a bhaint amach.

Airteagal 6

Tuairisciú

Le linn na tréimhse cur chun feidhme, cuirfidh an tArdionadaí tuarascálacha leathbhliantúla faoi bhráid an Choiste Polaitiúil agus Slándála maidir le cur chun feidhme an bhirt cúnaimh, i gcomhréir le hAirteagal 63 de Chinneadh (CBES) 2021/509. Cuirfidh an riarthóir um bearta cúnaimh an Coiste um an tSaoráid arna bhunú le Cinneadh (CBES) 2021/509 ar an eolas go tráthrialta faoi chur chun feidhme ioncaim agus caiteachais, i gcomhréir le hAirteagal 38 den Chinneadh sin, lena n-áirítear trí fhaisnéis faoi na soláthróirí agus na fochonraitheoirí lena mbaineann a sholáthar.

Airteagal 7

Fionraí agus foirceannadh

1. Féadfaidh an Coiste Polaitiúil agus Slándála a chinneadh cur chun feidhme an bhirt cúnaimh a chur ar fionraí go hiomlán nó go páirteach i gcomhréir le hAirteagal 64 de Chinneadh (CBES) 2021/509.

2. Féadfaidh an Coiste Polaitiúil agus Slándála a mholadh don Chomhairle go bhfoirceannfaí an beart cúnaimh.

Airteagal 8

Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 1 Nollaig 2022.

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán
J. SÍKELA